

## Deirdre agus Naoise

### Tairngreacht ag Breith Dheirdre

Oíche amháin, bhí cóisir ag Conchubhar, Rí Uladh ina chaisleán. Bhí scéalaí darbh ainm Feidhlimidh ag seanchaíocht sa halla mór, áit a raibh a lucht éisteachta faoi gheasa aige. Lena linn sin, bhí a bhean chéile ag freastal ar na fir. D'oibrigh sí go dian dícheallach déanach san oíche go dtí go raibh na fir ina gcnap meisce.

Bhí bean chéile Fheidhlimidh tuirseach traochta agus faoi dheireadh bheartaigh sí druidim i dtreo a leaba. Go tobann, dhúisigh na fir le screadach ghéar ó bhroinn na mná. Baineadh geit astu agus bhí siad ina seasamh gualainn le gualainn faoi iomlán arm chun aghaidh a thabhairt ar a namhaid.

Chiúnaigh Sencha, an fear ba stuama sa halla mór, fir Uladh agus chuir sé ar a suaimhneas iad. D'ordaigh sé go dtabharfaí bean chéile Fheidhlimidh chucu láithreach. Cheistigh Feidhlimidh a bhean faoin gcúis leis an bhfuaim ghéar scanrúil ach bhí mearbhall uirthi freisin. “Cá bhfios do bhean céard a bhíonn á iompar aici,” a d'fhreagair sí go heaglach ag sileadh na ndeor.

Mhóthaigh an draoi Cathbadh trua don bhean ach ní raibh sé in ann sólás a thabhairt di mar bhí fáistine an linbh ar eolas aige.

“Beidh an leanbh atá á iompar agat ar an mbean is áille a mhairfidh riamh in Éirinn. Beidh na hardríthe faoi dhraíocht ag a háilleacht agus na banríonacha in éad léi mar gheall ar a gruaig chatach órga, a súile uaine spéiriúla agus a beola dearga gleoite. Deirdre an t-ainm a bheidh uirthi agus is í a bheidh ciontach as marú i measc laochra Uladh.”

Ansin leag Cathbadh a lámha thar bhroinn na mná agus le linn dó an leanbh a mhothú ag corraí istigh dúirt, “cé gur leanbh fíorálainn a bheidh inti, tarraingeoidh sí trioblóid ar gach aon duine a thabharfaidh grá di.”

Níos deireanaí, bhí bean Fheidhlimidh i dtinneas linbh agus saolaíodh iníon dóibh níos déanaí an oíche sin. I gcuimhne thairngreacht Chathbadh, d'iarr fir Uladh an leanbh a chur chun báis ach dhiúltaigh Conchubhar sin.

“Tógfaidh mé an leanbh agus coinneoidh mé dom féin í”, a d'fhógair sé, agus ní dheachaigh aon duine ina choinne.

## **Buaileann Deirdre le Naoise**

Tógadh Deirdre i gcoill iargúlta i dteannta le Conchubhar , tuismitheoirí altramais agus banaltra darbh ainm Leabhacham agus bhí siad mar chomhluadar aici le linn a hóige. Ní ligfeadh Conchubhar d'aon duine í a fheiceáil go dtí go mbeidís pósta. Tháinig tuar faoi thairngreacht a d'fhógair Cathbadh, d'fhás Deirdre suas ina bean óg álainn, an bhean ab áille in Éirinn agus bhí Conchubhar an-tógtha léi.

Lá fuar Geimhridh, bhí Deirdre ag faire ar a hathair altrama ag baint an chraicinn de ghamhain. Díreach ansin, thug fiach dubh ruathar fúthu agus é ag iarraidh bia a chaitheamh ón bhfuil a bhí ag sú tríd an talamh faoi bhrat bán sneachta.

“Is é grá geal mo chroí ná fear leis na dathanna sin,” a dúirt Deirdre go brionglóideach. “Bheadh a ghruaig chomh dubh le sciathán an fhiaigh dhuibh, a leicne chomh dearg le fuil agus a chraiceann chomh bán le sneachta.”

Chuala Leabharcham í.

“Tá an t-ádh ort” ar sise. “Tá fear ina chónaí i gcóngar dúinn leis na tréithe sin. Naoise Mac Uisnigh is ainm dó agus is duine de Ridirí na Craobhrua é.”

Tar éis do Dheirdre foghlaim faoi Naoise, chaith sí a cuid ama á chuardach sa choill, ag súil go bhfeicfeadh sí é trí na crainn. Gan mhoill ina dhiaidh sin, casadh ar a chéile iad. Bhí sé díreach mar a shamhlaigh sí agus bhí sí lánchinnte go mbeidís le chéile amach anseo. D'aithin Naoise í agus rinne sé iarracht í a dhiúltú ach bhí Deirdre ceandána agus chuir sí faoi dhraíocht é. Tháinig deartháireacha Naoise, Aindle agus Ardán, chuige chun é a thabhairt chun céille mar ba chuimhin leo fáistine Chathbadh.

“Beidh muintir Uladh i gcomhrac lena chéile faoi seo” a dúirt siad. “Mar sin féin, ní náireofar thú agus sinn beo. Caithfidh Cúige Uladh a fhágáil láithreach agus Deirdre a thabhairt in éineacht linn.”

Cé gur laochra mór le rá iad mic Uisnigh, bhí siad scanraithe roimh fhraoch fheirge Chonchubhair. D'fhág an chlann Cúige Uladh an oíche sin dá bharr agus Deirdre faoi cheilt acu. Chaith siad tréimhse ama faoi choimirce Ríthe na hÉireann ach tháinig Conchubhar sa tóir orthu. Go gairid bhí orthu Éire a fhágáil agus imeacht go hAlbain.

## **Albain**

Mhair Deirdre, Naoise agus a bheirt deartháireacha Aindle agus Ardán ar thalamh na hAlban ach sa deireadh bhí orthu slad a dhéanamh ar bhailte agus ar shráidbhailte ionas go mbeidís in ann maireachtáil. Theastaigh ó mhuintir na hAlban an ruaig a chur orthu ach bhí an Rí níos trócairí leo. Chonaic seisean an buntáiste a bhain le mic Uisnigh a bheith mar ardshaighdiúirí aige chun a arm a mhéadú agus tugadh cead dóibh fanacht.

Choinnigh mic Uisnigh Deirdre faoi cheilt ar eagla go leagfadh Rí na hAlban súil uirthi agus go mbeadh sé á lorg dó féin. Chuala an Rí, áfach, na scéalta faoi áilleacht Dheirdre agus theastaigh uaidh a fháil amach an raibh aon fhírinne sna scéalta. Chuir sé maor chun fiosrú faoi Dheirdre agus í a aimsiú. Chomhlíon an maor a dhualgais go cúramach agus théaltaigh sé chomh ciúin le luch chuig teach Dheirdre agus Naoise ar fhaitíos go bhfeicfeadh mic Uisnigh é. Ar Dheirdre a fheiceáil dó, rith sé ar nós na gaoithe ar ais chuig an Rí.

“Is ise an bhean is áille dá bhfaca duine riamh,” a scread sé. “Níl aon bhean bheo a bheadh níos oiriúnaí mar bhanríon duit ach ise”.

Bhí ar an maor labhairt le Deirdre ar son an Rí, ag fiafraí di Naoise a fhágáil agus teacht le bheith ina banríon ina ionad. Dhiúltaigh sí agus d'inis sí an scéal do Naoise. Ón lá sin ar aghaidh, bhí a fhios ag mic Uisnigh nach mbeidís sábháilte in Albain go brách agus bhí orthu teitheadh arís, ach ó Rí na hAlban an tráth seo.

## **Filleadh ar Chúige Uladh**

Gan mhoill, tháinig an scéal faoi Mhic Uisnigh chomh fada le Cúige Uladh agus rinne fir Uladh iarracht Conchubhar a thabhairt chun céille mar go raibh an chlann i mbaol báis ó Rí na hAlban.

“Lig dóibh teacht abhaile,” a dúirt siad. “ Níor chóir go bhfaigheadh mic Uasal Uladh, bás i dtíortha iasachta toisc drochmhána.”

Chaith Conchubhar tréimhse ama ag smaoineamh go domhan agus sa deireadh chlaon sé a cheann ag rá “Go breá, lig dóibh teacht abhaile go Cúige Uladh”, ach rinne sé gáire beag searbh. Cheiliúir fir Uladh an dea-scéal agus shil mic Uisnigh deora áthais ar an teachtaireacht a fháil. Ach bhí Naoise amhrasach faoi Chonchubhar , áfach, fios maith aige faoin ngoilleadh mórchúise agus d'iarr sé ar Fhearghus Mac Roich iad a chosaint nuair a d'fhillfidís abhaile.

D'aontaigh Fearghus agus a mhac Fiacha, i dteannta le Dubhtach agus Cormac, mac Chonchubhair , clann Uisnigh a chosaint. Le gealltanas ó na laochra ionraice seo, bheartaigh Naoise ar fhilleadh abhaile go suaimhneach.

## **Díoltas Chonchubhair**

Fear fealltach a bhí i gConchubhar agus bhí sé ag smaoineamh ar dhíoltas a bhaint amach ar Chlann Uisnigh le fada an lá. Chuir smaointe de Chlann Uisnigh ag fillleadh ar an bhfód dúchais straidhn feirge ar Chonchubhar agus bhí sé ar buile. Go gairid ina dhiaidh sin, ar chloisteáil dó faoin socrú idir Naoise agus Fearghus, is é sin cosaint le linn do Chlann Uisnigh taisteal go hEamhain Mhaca, thosaigh Conchubhar ag smaoineamh ar chleasa chun aigne Fheargus a bhaint den ghníomh.

Bhí laige amháin ag Fearghus a raibh Conchubhar ar an eolas faoi. Bhí sé teoranta ag seanmhionn ina raibh air deoch a ghlacadh ina onóir féin am ar bith. Dá bhrí sin, le hordú ó Chonchubhar , thug fir Uladh cuireadh do Chlann Uisnigh agus na cosantóirí teacht chuig féastaí ina gcuid tithe. Níor thóg sé i bhfad do Fhearghus

titim chun deiridh den ghrúpa, b'éigean dó fanacht in áit ar bith ina raibh féasta á chaitheamh ina ainm. D'fhan Dubhtach agus Cormac i dteannta le Fearghus ach lean an chuid eile den ghrúpa ar aghaidh mar gheall siad nach n-íosfaidís go dtí go mbeadh bord Chonchubhair bainte amach acu. Fiacha an t-aon chosantóir a bhí acu anois.

Gan mhoill, shroich na taistealaithe Eamhain Mhacha agus casadh Eogan Mac Durtacht, Rí Fhermag orthu. Bhí Eoghan mar namhaid ag Conchubhar tráth, ach bhí Conchubhar tar éis tairiscint shíochána a thabhairt d'Eogan, dá maródh sé Naoise Mac Uisnigh.

Lean marú diamhair dá bharr agus d'ionsaigh Eogan Mac Durtacht agus a fhir Clann Uisnigh. Bheannaigh Eoghan do Naoise le sleá a shá go domhan trína chnámh droma agus é a bhriseadh ina dhá leath. Rinne Fiacha a sheacht míle dícheall é a chosaint ach maraíodh é láithreach. Fad is a bhí Aindle agus Ardán á lorg bhí sé á mharú ag a ndeartháireacha Uladh le hordú ón Rí. Gabhadh Deirdre, ceanglaíodh a dá lámh laistiar dá droim agus tógadh chuig Conchubhar í.

Nuair a shroich an scéal faoi mharú maslach Clann Uisnigh Fearghus, Cormac agus Dubhtach, scaoil siad lena ndíoltas féin. Le teann feirge, maraíodh trí chéad fear Uladh, ina measc siúd bhí Maine, mac Chonchubhair agus Fiachna, garmhac Chonchúir. An mhaidin dár gcionn, mháirseáil trí mhíle deoraí lámh le Fearghus go Connacht ag lorg cosanta ón Rí Ailill agus an Bhanríon Maebh. Bhí an oiread sin feirge orthu mar gheall ar an bhfeall a d'imir Conchubhar ar Chlann Uisnigh gur chaith siad sé bliana déag ag slad ar a dtír dhúchais, Cúige Uladh, agus á chreachadh.

Tháinig an tuar faoi thairngreacht Chathbadh, rinneadh marú i measc laochra Uladh.

## **Cinniúint Dheirdre**

Maidir le Deirdre, is éard a bhí i ndán di ná fanacht le Conchubhar ar feadh bliana. I dtosach, bhain Conchubhar sult as magadh fúithi agus faoina hóinsiúlacht ach lig

Deirdre uirthi nach ndeachaigh na tarcaisní i bhfeidhm uirthi. Ba thúisce do Chonchubhar éirí tuirseach. Níor gháir sí agus ní raibh meangadh ar a héadan ón lá sin ar aghaidh ach cuma ghruama i gcónaí uirthi. Lá amháin, le heaspa foighne d'iarr Conchubhar uirthi, “Cad is fuath leat faoin méid atá romhat?”

“Mo ghraidhin do chiall,” ar sise, “Tusa! Tusa agus Eogan Mac Durtacht!”.

“Mar sin, is féidir leat bliain a chaitheamh i dteannta le hEogan,” a d'fhreagair Conchubhar go suarach.

An mhaidin dár gcionn cuireadh Deirdre i gcarbad le cur ag Eogan Mac Durtacht. Le linn di fágáil, dúirt Conchubhar ag magadh “Gheall tú nach mbeadh beirt fhear beo riamh in ann seilbh a ghabháil ort, ach féach anois, tá tú cosúil le caora sáinnithe ag dhá reithe”. Ní raibh Deirdre ag iarraidh go mbeadh an lámh in uachtar ag Conchubhar, dá bhrí sin chaith sí í féin anuas den charbad san áit ina raibh Naoise curtha. Bhuail carraig mhór a haghaidh agus rinneadh smidiríní dá ceann agus cailleadh í láithreach.